www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2018**

# Irish

## Assessment Unit A2 2

## Section A

*assessing*

Listening

**[AI221]**

**THURSDAY 31 MAY, AFTERNOON**

# TRANSCRIPT

**GCE Recording Instructions**

☐ Indicates track break

Each piece heard once only

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2018
Irish
Advanced
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

Question 1

Tá an rialtas áitiúil ag dul a bheith níos déine orthu siúd a chaitheann bruscar in áiteanna poiblí as seo amach. Caitear na céadta tonna bruscair ar shráideanna na sé chontae achan bhliain agus tá an rialtas áitiúil ag iarraidh dul i ngleic leis an fhadhb. Is minic a fheictear seanmhálaí, seanbhuidéil agus guma coganta ar shráideanna na mbailte. As seo amach gearrfar fíneáil ochtó punt láithreach ar dhuine ar bith a chaitheann bruscar in áiteanna poiblí. Mura n-íocann an duine a chaitheann an bruscar an t-airgead taobh istigh de choicís, rachaidh an cás os comhair na cúirte agus thiocfadh le fíneáil dhá mhíle cúig chéad punt a bheith i gceist.

Is ar an chomhairle áitiúil atá an fhreagracht as na páirceanna poiblí agus na sráideanna a choinneáil glan. Dúirt urlabhraí thar ceann na comhairle áitiúla go bhfuil neart ionad dumpála agus neart áiteanna athchúrsála ar fáil ar fud na sé chontae. Dúirt sé nach raibh leithscéal ag duine ar bith bruscar a chaitheamh ar na sráideanna.

Dúirt sé go raibh trí bhosca bruscair ag gach teach anois a dtig le daoine cineálacha éagsúla bruscair a chur isteach iontu. Is féidir bia agus féar a chur sa bhosca dhonn, páipéar agus plaisteach a chur sa bhosca ghlas agus bruscar eile a chur sa bhosca ghorm. Dúirt sé fosta go bhfuil an chomhairle ag déanamh a seacht ndícheall an fhadhb a laghdú ach go bhfuil tacaíocht ón phobal de dhíth.

Dúirt urlabhraí thar ceann an rialtais áitiúil go raibh droch-chuma ar chuid de na bailte sna sé chontae agus go raibh náire air nuair a luaigh cuairteoirí fadhb an bhruscair leis. Mhaígh sé gur chóir go mbeadh muid uilig bródúil as áilleacht an cheantair agus gur chóir go gcuirfí an bruscar sa bhosca bruscair. Mhol sé cúpla bunscoil ina cheantar féin a chuireann béim ar athchúrsáil agus ar éirigh leo bratach athchúrsála a fháil mar dhuais.

www.xtrapapers.com

Question 2

Tá ardú daichead a trí faoin chéad ar líon na n-ionsaithe ciníocha i dTuaisceart Éireann le bliain anuas, dar le Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann.

Chuir na póilíní foireann speisialtóirí le chéile i mí Feabhra na bliana seo a chuaigh thart le dul i ngleic le fadhb an chiníochais.

Dúirt urlabhraí thar ceann na bpóilíní go raibh breis agus trí chéad caoga ionsaí ciníoch i mBéal Feirste le bliain anuas, sin ardú de bhreis agus céad ar líon na n-ionsaithe a tharla an bhliain roimhe sin. Mhaígh sé gurbh in oirthear na cathrach is mó a tharla na hionsaithe.

Ionsaíodh teach in oirthear na cathrach inné ar le bunadh na Polainne é. Tuairiscíodh gur briseadh na fuinneoga, gur caitheadh péint ar na ballaí agus gur scríobhadh maslaí ar na doirse. Bhí an teaghlach róscanraithe le labhairt ar an raidió áitiúil ach dúirt comharsa dá gcuid gur fhág siad an ceantar go díreach i ndiaidh an ionsaithe. Is cosúil go raibh eagla mhór orthu go ndéanfaí ionsaí fisiciúil orthu féin nó ar a gcuid páistí. Dúirt an chomharsa fosta go raibh mionlach an-bheag sa cheantar ag tarraingt míchlú ar achan duine. Dúirt sí gur bhunaigh muintir an cheantair grúpa tacaíochta do dhuine ar bith a mhothaíonn faoi bhagairt.

Dúirt bean de bhunadh na Pailistíne, atá ina banaltra in Otharlann na Cathrach, go ndúirt othar léi nár mhaith leis go gcuideodh sí leis de bhrí gur eachtrannach í. Dúirt an bhanaltra, atá ag obair anseo le níos mó ná deich mbliana, gur cuireadh fáilte mhór roimpi anseo ar dtús ach le cúpla bliain anuas go raibh athrú mór ag teacht ar rudaí. Dúirt sí gur chaith sí cúpla bliain ag obair i Sasana agus go raibh Tuaisceart Éireann chomh holc céanna anois ó thaobh an chiníochais de.

Mhol an t-urlabhraí thar ceann na bpóilíní do dhaoine dul i dteagmháil leo láithreach má tá eolas ar bith acu ar ionsaithe ciníocha. Dúirt sé go bhfuil fianaise ón phobal riachtanach leis na ciontóirí a fháil.

Idir an dá linn tá tús curtha le scéimeanna comhthuisceana i mbunscoileanna na sé chontae le sochaí oscailte a chur chun cinn amach anseo.

*Adapted from © Belfast racist hate crime figures up 43% by BBC News Northern Ireland, 08 April 2015*

This is the end of the recording.